se

AN ROINN TALMHAÍOCHTA
(BRAINNSE AN IASCAIGH)

NA hACHTANNA IASCAIGH, 1842 go 1933.

FO-DHLI UIMH. 425

IASCACH OISRÍ

CROSDHUMHCHA, BÁGH CHINN MHARA

De bhuadh agus i bhfeidhmiú na gcomhacht atá dílsithe ionam le hAlt 28 den Acht Iascaigh, 1925, agus leis an Ordú Iascaigh (Seirbhísí Puibli d'Athroinnt), 1934, agus de bhuadh agus i bhfeidhmiú gach comhachta eile le n-a gcuirtear so ar mo chumas deinim-se, SEAMAS Ó RIAIN, Aire Talmhaíochta AN FHO-DHLI SEO LEANAS DO CHEAPADH AGUS D'ORDU.

(1) Ní bheidh sé dleathach i rith na tréimhse ón aonú lá de Mhí na Nodlag, 1935, go dtí an 30 adh lá de Mhí na Samhna, 1937, agus an dá lá san d'áireamh, dreidearacht do dhéanamh ar Oisrí ná ar Shíolrach Oisrí ná breith ortha ná iad do thógaint ná do mhilleadh sa chuid sin de Bhágh Chinn Mhara i gContae na Gaillimhe atá teoranta ar an taobh thuaidh no taobh na fairge ag líne dhírigh a tarraiceofaí ón bpoinnte thuaidh den teorainn idir Bhaile Fearainn Dubhruis agus Baile Fearainn Chrosdhumhcha go dtí an poinnte is sia ó thuaidh d'Oileán Amhnach, iad uile i bParóiste Chinn Bharra Dubhrais agus i mBarúntacht Chill Tartan, agus as san go Carraig Ghuaire Mhín, agus ón áit sin go dtí an poinnte thiar den teorainn idir Bhaile Fearainn Taimhréidh agus Baile Fearainn Bhaile Uí Chléirigh, an dá áit i gCillín Bharra agus i mBarúntacht Dún Coillín, agus ar an taobh theas ag líne dhírigh a tarraiceofaí tríd an bpoinnte is sia o dheas d'Oileán Caillighe atá sínte le Baile Fearainn Bhaile Uí Bhranagáin i bparóiste Chinn Bharra Dubhruis agus i mBarúntacht Chill Tartan agus i lár Oileáin Raithnighe atá sínte le Baile Fearainn Bhaile Uí Chléirigh, i bParóiste Chillín Bharra agus i mBarúntacht Dún Coillín, agus a leanfadh ar an dá threo go dtí an mhór-thír.

(2) Gach éinne dhéanfaidh cionta i gcoinne na Fo-bhlí seo geallbhruidfe sé agus iocfaidh in aghaidh gach cionta suim ná raghaidh thar Cúig Púint agus geallbruidfear aon Oisrí no Síolrach Oisrí tógfar contrárdha don fho-dhlí sin.

(3) Baineann an tAcht Léiriúcháin, 1923 (Uimh. 46 de 1923), le léiriú na Fo-dhlí seo fé mar a bhaineann sé le léiriú Achta den Oireachtas.

(4) Féadfar chun gach críche Fo-Dhlí Oisrí Chrosdhumhcha Uimh. 425, 1935, do ghairm den Fho-dhlí seo.

Tughtha fém Shéala Oifige
an ceathramhadh lá so de Dheire
Foghmhair Míle Naoi gCéad a
Cúig Tríochad.

L.S.

SEAMAS Ó RIAIN,
Aire Talmhaíochta.

se

DEPARTMENT OF AGRICULTURE
(FISHERIES BRANCH).

FISHERIES ACTS, 1842 TO 1933.

BY-LAW No. 425

OYSTER FISHERIES

CROSSOOHA, KINVARRA BAY

I, SEAMAS Ó RIAIN, Minister for Agriculture, by virtue and in exercise of the powers vested in me by Section 28 of the Fisheries Act, 1925, the Fisheries (Redistribution of Public Services) Order, 1934, and of every other power enabling me in this behalf DO MAKE AND ORDAIN THE FOLLOWING BY-LAW:—

(1) It shall not be lawful during the period from the first day of December, 1935, to the 30th day of November, 1937, both said days inclusive, to dredge for, take, catch, or destroy any Oyster or Oyster Brood in that part of Kinvarra Bay in the County of Galway which is bounded on the north or seaward side by a straight line drawn from the northern end of the boundary between the Townlands of Doorus Demesne and Crossooha to the northern extremity of Avonagh Island all in the Parish of Kinvarradoorus and Barony of Kiltartan, from thence to Goormeen Rock, and from thence to the western end of the boundary between the Townlands of Tarrea and Ballyclery, both in the Parish of Killeenavarra and Barony of Dunkellin, and on the south by a straight line drawn through the southern extremity of Hags Island adjoining the Townland of Ballybranagan in the Parish of Kinvarradoorus and the Barony of Kiltartan and the centre of Illaunranny adjoining the Townland of Ballyclery in the Parish of Killeenavarra and the Barony of Dunkellin, and continued to the mainland in both directions.

(2) Each and every person offending against this By-law shall forfeit and pay for each offence a sum not exceeding Five Pounds, and any Oyster or Oyster Brood taken in contravention thereof shall be forfeited.

(3) The Interpretation Act, 1923 (No. 46 of 1923), applies as to the interpretation of this By-law in like manner as it applies to the interpretation of an Act of the Oireachtas.

(4) This By-law may be cited for all purposes as the Crossooha Oyster By-law No. 425, 1935.

Given under my Seal of Office this
fourth day of October, One
Thusand Nine Hundred and
Thirty-five.

L.S.

SEAMAS O RIAIN,
Minister for Agriculture.

P.886.M.4555.Wt.2554—35.2.250 10/35.A.T.&Co.,Ltd. G.3.